# Turas ar Chaisleán Ghleann Bheatha

Páirceanna Náisiúnta
National Parks

# Turas ar Chaisleán Ghleann Bheatha

*Fáilte go Caisleán Ghleann Bheatha.*

Ba é John George Adair, fear saibhir gnó agus amhantraí talún as Contae Laoise, a thóg an caisleán sna 1870í. Ba é ról bunaidh an fhoirgnimh ná mar lóiste seilge, dá bhrí sin feicfidh tú téama láidir seilge nuair a shiúlann tú mórthimpeall. Tá Adair míchlúiteach de bharr Dhíshealbhuithe Dhoire Bheatha sa bhliain 1861, nuair a dhíshealbhaigh sé an 244 duine (46 teaghlach) a bhí ina gcónaí sa cheantar ag an am. Chaith go leor de na daoine seo an chuid eile dá saol i dtithe áitiúla na mbocht agus d'imigh 150 ar imirce go dtí an Astráil. Tar éis a bháis in 1885, lean bean chéile Mheiriceánach Adair, Cornelia Ritchie, ag caitheamh ama ag an gcaisleán, ag cur an túr bhabhta leis sa bhliain 1901 agus ag tabhairt isteach tréad mór an Fhia Rua.

Ba iad dara húinéirí an chaisleáin ná na Kingsley-Porters a cheannaigh é in 1929. Bhí Arthur Kingsley-Porter ina ollamh in Ollscoil Harvard agus d'úsáid sé an caisleán mar bhunáit chun staidéar a dhéanamh ar stair agus ar mhiotaseolaíocht na hÉireann. Fuair sé an saibhreas chun é seo a dhéanamh óna athair a bhí ina bhaincéir rathúil. Is rúndiamhair go dtí seo é imeacht Arthur ar iarraidh tar éis ceann dá chuid siúlóidí rialta ar oileán Inis Bó Finne i nDún na nGall in 1933.

Ba é Henry McIlhenney úinéir deireanach an chaisleáin, mac léinn agus comh-Mheiriceánach de chuid Kinglsey-Porter. Tar éis dó an caisleán a fháil ar cíos ar feadh cúpla samhraí as a chéile, cheannaigh Henry é ar dheireadh in 1937 agus d'úsáid sé é mar áit chun siamsaíocht a chur ar a chairde saibhre agus bailitheoirí ealaíne ar fud an domhain.

In 1983, thug Henry an caisleán agus na tailte do stát na hÉireann mar bhronntanas. Is músaem é an caisleán anois agus tá gach rud a fheiceann tú díreach mar a bhí fágtha in 1983.

## Forhalla

Chuir na Kingsley-Porters na sliogáin ar an mballa i dtús na 1930idí. Is diúilicíní agus faochain iad, ó roinnt de na tránna áitiúla anseo i nDún na nGall.

Rinneadh cinn na bhfianna adhmaid sa Ghearmáin agus leantar le téama an fhia ar fud an chaisleáin, rud a léiríonn a úsáid bunaidh mar lóiste seilge. Tá tréad an Fhia Rua is mó in Éirinn fós I nGleann Bheatha.

Ina shuí ar an gcófra tá figiúr adhmaid péinteáilte de dhia na dTaoch, Xianan.

Tá an chathaoir aisteach níos mó ná 100 bliain d'aois agus is cathaoir mheá í, a úsáideadh ar dtús chun marcaigh a mheá roimh rás capall. Mar mhagadh, d'iarradh Henry McIlhenny ar a chuid aíonna a iad féin a mheá tar éis dóibh teacht agus ansin arís ar an mbealach amach ag deireadh a gcuairte. Chuir sé seo a lán siamsaíochta ar fáil agus ba léiriú ar a fháilte é.

## Seomra Ceoil

Sheinn ceoltóirí ó gach cearn den domhan, Yehudi Menuhin cáiliúil san áireamh, sa seomra seo d'aíonna McIlhenny.

I measc na n-uirlisí atá ar taispeáint anseo tá cláirseach thraidisiúnta John Egan agus pianó cearnógach, an dá cheann acu déanta i mBaile Átha Cliath ag tús an 19ú haois. Ar dtús, shuigh mion-mórphianó i lár an tseomra.

Chuir breacán Chlann Ghòrdonach ar na ballaí cumhdach ar fáil chun fuaimíocht an tseomra a fheabhsú.

Cófra tae a bhí san araid mhóna ar dtús agus ba urn tae a bhí sna lampaí boird ar dtús.

# Parlús

Is é seo an seomra is mó sa chaisleán agus ba é an príomhsheomra fáiltithe é.

Tá an teallach thart ar 250 bliain d'aois agus rinneadh é i stíl Robert Adam, dearthóir intí cumasach ón ochtú haois déag ó Albain. In aice leis an tinteán tá "scáileán cuaille", a d'úsáid na mná chun a gcuid smideadh céir-bhunaithe a chosc ó leá.

Baineadh úsáid as an scáthán mór sa lár, ar a dtugtar scáthán piara, chun go mbeadh cuma níos mó agus níos gile ar an seomra. D'úsáid na mná an scáthán beag ag leibhéal na talún, ar a dtugtar scáthán fosciorta, go traidisiúnta chun a chinntiú go gclúdóidís a rúitíní agus cosa lena fosciortaí.

Is tábla maircíneachta sa stíl Francach é an tábla maisiúil i lár an tseomra ó na 1800í luatha. Is píosa adhmaid aonair é gach cuid den dearadh, snoite, ansin inleagtha.

Tá clú agus cáil ar fud an domhain ar chairpéid na gCealla Beaga, a dhéantar anseo i nDún na nGall, agus clúdaíonn siad na hurláir sa Teach Bán i Meiriceá, fiú.

Ar deireadh, baineann an leabhragán Gotach leis na 1790idí agus taispeánann sé an bhunghloine lámhshéidte.

# Staidéar

Chomh maith le bheith ina bhailitheoir ealaíne den scoth, ba staraí ealaíne den scoth é Henry McIlhenny agus is ansin a d'oibreodh sé ó am go chéile le linn a chuairteanna samhraidh ar Ghleann Bheatha. Ba anseo a bhuail sé lena Bhuitléir Paddy, lena Choimeádaí Tí Nellie agus lena Bhainisteoir Eastáit Julian Burkett ar bhonn laethúil chun reáchtáil an eastáit a eagrú agus, níos tábhachtaí fós, roghchlár an lae a chinneadh!

# Seomra Bia

Bhí an Seomra Bia ar cheann de na seomraí is gnóthaí sa teach, a úsáideadh ceithre huaire sa lá. Bhí an bia ar chaighdeán an-ard i gcónaí agus shaothraigh na hoidis gourmet a bhain úsáid as táirgí úra ó na gairdíní agus ó dhéiríocht cáil Ghleann bheatha de bharr bia breá agus fáilte fhlaithiúil.

Tugtar "foireann dinnéir carria glas" ar an bhfoireann dinnéir ar an tábla agus rinneadh i Salzburg, An Ostair, í. Is macasamhlacha de shaothair Edwin Landseer iad na pictiúirí móra tírdhreacha "Morning" agus "Night". Tá na bunchóipeanna ar crochadh anois i Músaem Ealaíne Philadelphia.

Is "doras bréige" é an doras bán sa chúinne. Cuireadh leis an seomra é chun siméadracht a thabhairt go dtí an seomra. Os a choinne sin, taobh thiar den scáileán, téann doras tríd go dtí an áit a raibh an Phantrach agus na cistiní. Sheasfadh an Buitléir taobh thiar den scáileán agus breathnódh sé ar an tábla trí fhéachaint isteach sa scáthán dronnach, ar a dtugtar "scáthán buitléara".

Tugadh an deacantar uisce beatha do Henry McIlhenny mar bhronntanas i 1951. Bhain sé sult as nuair a ólfadh aoi beagán an iomarca agus dhéanfaidís iarracht imeacht tríd an doras bréige!

Is in aice leis an tábla taobh leis an bhfuinneog a bhaineadh aíonna taitneamh as tae beag. Rinneadh é ar dtús chun cónra a shealbhú le linn tórraimh.

# Leabharlann

Léiríonn an seomra seo stíl na Kingsley-Porters. Is óna gcara, George Russell, ealaíontóir cáiliúil Éireannach, na ceithre phictiúr. Léiríonn an tírdhreach sa chúinne an Mhucais. Ciallaíonn an t-ainm Mucais "cruth cosúil le muin na muice".

Tá dealbh adhmaid Naomh Iaróm níos mó ná 500 bliain d'aois agus tá sí ar cheann de na rudaí is sine sa chaisleán.

Bhain na leabhair go léir le Henry McIlhenny ar dtús agus tá go leor staire; beathaisnéisí; leabhair garraíodóireachta agus céad eagráin Mheiriceá de chlasaicí nua-aimseartha ar nós 1984 and Animal Farm iontu.

Chinn Henry McIlhenny an seomra seo a fhágáil mar chuimhneachán ar Kingsley-Porter.

# Conair an Bhaitsiléara

Na trí sheomra leapa feadh na conaire seo: An Seomra Francach; an Seomra Iodálach agus an Seomra Indiach atá ainmnithe go léir i ndiaidh stíl a dtéamaí. Is pictiúir uiscedhathanna d'éin Mheiriceá iad na pictiúir ar feadh na conaire a rinne an t-ealaíontóir Carroll S Tyson. Is saothair greanta seandachta de shaothair an ealaíontóra Bhriotanaigh, William Hogarth, iad na pictiúir atá ar taispeáint sa seomra Francach.

## Balcóin

Athraíodh an réimse seo den chaisleán sna 1980í chun turais a éascú. Ar dtús, ba cheathrúna an tseirbhísigh fireann é an chuid uachtarach. Ba sheomra na gcarráistí é an bunurlár. In am Henry McIlhenny athraíodh é le bheith ina Sheomra Gunnaí agus ina Sheomra Cóiriú Bláthanna.

*Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar Chaisleán Ghleann Bheatha agus ar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Tá súil againn gur bhain tú taitneamh as do chuairt.*

*Slán abhaile!*




Glenveagh National Park
Churchill, Letterkenny, Co. Donegal, F92 P993
+35315393232

glenveaghbookings@npws.gov.ie
www.glenveaghnationalpark.ie


Páirceanna Náisiúnta
National Parks